



## Foghlaim agus forbairt tríd an súgradh

### Cad is fiú an súgradh?

Féach ar do bhabaí nóiméad agus tabhair faoi deara an spéis a chuireann sé/sí i d'aghaidh, ina m(h)éara agus a b(h)arraicíní, agus de réir a chéile, i ngach aon rud ar féidir leis/léi breith air, mar shampla, do chuidse gruaige agus spéaclaí. Níl rud ar bith nach gcuirfidh sé/sí spéis ann, mar sin bí ullamh!

Cabhraíonn an súgradh le do bhabaí foghlaim agus forbairt ar bhealaí éagsúla. Mar shampla, nuair a fhéachann an babaí ar d'aghaidh agus nuair a éisteann sé/sí le do ghlór, tá sé/sí ag foghlaim mar gheall ar dhreach aghaidhe, mar gheall ar fhuaimneanna agus ar fhocail, agus an tslí le hiad seo a úsáid chun mianta, smaointe agus mothúcháin dá c(h)uid féin a chur in iúl duit. Trí lámh a shíneadh amach, breith ar rud agus é a bhualadh in aghaidh rud éigin eile, forbraíonn sé/sí matáin agus scileanna fisiceacha; agus trí ligean do rudaí titim agus iad a phiocadh suas arís nó cnaipí a bhrú chun torann a dhéanamh foghlaimíonn an babaí *nuair a dhéanaim an rud seo, tarlaíonn an rud sin*. Mar sin tá cúis mhaith leis na heochracha a phiocadh suas den urlar den fhichiú huair agus iad a thabhairt ar ais don bhabaí!

Taispeánann *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* an tábhacht a ghabhann le súgradh agus tugann smaointe duit ar conas dul i mbun súgartha le do bhabaí. Gheobhaidh tú tuilleadh eolais ar *Aistear* ag [www.ncca.ie/luathoige](http://www.ncca.ie/luathoige).

**Leid-leathanach  
do thuismitheoirí  
babaithe  
(breith—18 mhí)**

### Súgradh le do bhabaí

Mar thuismitheoir, is féidir leat cabhrú le do bhabaí foghlaim agus forbairt a dhéanamh tríd an súgradh. Seo roinnt leideanna duit.

1. Caith roinnt **ama** gach lá ag súgradh le do bhabaí.
2. Cuir **rudaí atá sábháilte agus spéisiúil** ar fáil don súgradh. Bí ag faire amach do rudaí a d'fhéadfadh sé/sí a shlogadh siar, nó rudaí a bhfuil ciumhais ghéar orthu, agus mar sin de.
3. De réir mar a shroicheann an babaí na céimeanna éagsúla – suí, lámhacán agus siúl – tiocfaidh athrú ar an gcineál súgartha a dhéanfaidh sé/sí. Fad is babaí beag é/í, is tusa an t-ábhar súgartha is ansa leis/léi, mar sin **labhair, can** agus **bog timpeall** agus an babaí i do bhaclainn agat. Níos faide amach, cuirfidh sé/sí spéis i rudaí chomh maith le daoine.
4. **Bí páirteach** i súgradh an bhabaí agus taispeáin dó/di **go bhfuil tú ag spraoi**. Téigh síos ar an urlár leis an mbabaí uaireanta, chomh maith len é/í a ardú suas i do lámha agus ar do ghlúine.
5. Déan **spás** don súgradh. Mar shampla, cuir bosca cartchláir sa chistin ina mbeidh na rudaí a mbíonn an babaí ag spraoi leo. Bíodh bosca eile agat lasmuigh.
6. **Inis** don fheighlí linbh nó don fhoireann sa náiolann cé na rudaí a n-imríonn an babaí leo, agus na ranna, na leabhair agus na cluichí beaga a thaitníonn leis/léi.

Seo roinnt smaointe ó *Aistear* mar gheall ar rudaí spráilúla a d'fhéadfá a dhéanamh leis an mbabaí. Tá cuid de na gníomhaíochtaí oiriúnach do lasmuigh agus do laistigh araon.

Breathnaigh  
ar an gcaoi a mbím  
ag súgradh, agus smaoinigh  
ar bhealaí ar féidir leat  
tacú liom.

### Súgradh cruthaitheach

- Séid bolgáin. Spreag an babaí chun lámh a chur orthu agus iad a phléascadh.
- Lig don bhabaí péint a chur ar a lámha (péint neamhthocsaineach, ar ndóigh). Bí páirteach.
- Seinn ceol agus spreag an babaí chun a bhosa a bhualadh, scréachail a dhéanamh agus a ghéaga a luascadh anonn is anall.
- Buail stán brioscaí le spúnóg le bhuillí an cheoil.
- Cuir scáthán cóngarach don bhabaí. Déan aghaidheanna greannmhara sa scáthán.
- Bailigh hataí, stocaí agus píosaí éadaigh. Lig don bhabaí imirt leis na héadaí seo ar uigeachtaí difriúla.
- San fholcadán, lig don bhabaí uisce a stealladh agus a dhoirteadh agus spúinse a fháisceadh.



## Cluichí a bhfuil rialacha ag gabháil leo

- Imir *Folaigh agus Cuardaigh* tríd an mbréagán is ansa le do bhabaí a chur i bhfolach faoi bhlaicéad. Spreag an babaí chun dul sa tóir air agus bíodh lúcháir ort nuair a fhaigheann sé/sí é.
- Cuir bráillín nó tuáille beag anuas ar an mbabaí agus fiafraigh, *Cá ndeachaigh Lúsaí? Clúdaigh do cheann féin leis an mbráillín nó leis an tuáille agus fiafraigh, Cá ndeachaigh Mamaí/Daidí?*
- Nuair is féidir leis an babaí suí ina aonar, roll liathróid chuige/chuici agus taispeáin dó/di conas breith air.
- Bíodh spraoi agaibh le chéile le preab-bhréagáin. Spreag an babaí chun na cnaipí a bhrú.

Bainim úsáid as mo lámha, mo chluasa, mo shúile, agus mo chorp chun iniúchadh a dhéanamh ar nithe.

## Ag ligean oraibh

- Lig ort gur cat thú agus abair ‘míáu’ nó déan fuaim leoin.
- Bain úsáid as foireann tae chun picnic a bheith agaibh sa ghairdín.
- Tiomáin tarracóir trasna na láibe sa pháirc.
- Gléas Teidí nó Mailí an Bhábóg in éadaí an bhabaí féin. Cuir Teidí a luí.
- Cabhraigh leis an babaí bia a thabhairt do Mhailí. Déan é seo, b’fhéidir, nuair a bhíonn an babaí féin ag ithe.

## Súgradh bunaithe ar theanga

- Aithris ranna agus déan gníomhartha spráíúla leis an mbabaí agus tú ag cur clúidín tirim air/uirthi.
  - *Chuaigh an Mhuicín seo ar an Aonach* (ag cur do mhéar ar a b(h)arraicíní)
  - *Incy Wincy Spider* (do mhéara ag dul suas síos agus ar fud a c(h)oirp.
- Déan trácht ar a bhfuil ar siúl ag an mbabaí. *Tá an cnaipe á bhrú agat, a Sheáin, chun an madra a chur ag léim suas síos. Feicim go bhfuil tú ag spraoi.* Stad den chaint agus tabhair seans don bhabaí gáire nó fuaim éigin a dhéanamh, agus féachaint ort.
- Bíodh leabhar tiubh, leabhar éadaigh nó leabhar uisceadhíonach ar fáil dó/di le bheith ag féachaint air, á chogaint agus á scrúdú. Seans go gcuirfidh an babaí óg spéis i ndathanna láidre codarsnacha, mar dhubh agus bán nó dubh agus buí, agus i bpatrúin.
- Léigh scéalta don bhabaí. Spreag é/í chun lámh a chur ar uigeachtaí éagsúla, flapáí a ardú agus leathanaigh a iompú i leabhair: mar shampla, *Ní fheadar céard atá istigh anseo. An ardóimid é le fáil amach? Cad a tharlóidh má bhrúimid é seo? Iompóimis an leathanach le chéile.*
- Can amhráin don bhabaí. Spreag é/í chun fuaimeanna a dhéanamh leat: mar shampla, *Is aoibhinn liom tú a bheith ag canadh liom. An gcanfaimid arís é?*

Is cuid tábhachtach de mo shaol an súgradh agus tá tábhacht ag baint leis ó thaobh m’fhoghlama agus m’fhorbartha de.

## Súgradh fisiceach

- Líon ciseán le rogha de ghnáthrudáí laethúla le go bhféachfaidh an babaí go grinn orthu – crainn fuinte, liacha, scuaba níocháin, ubhchupáin, babhlaí, pionnaí, claibíní prócaí, sliogáin mhóra, oráistí, rollaí cartchláir, agus spúnóga. Suigh in aice leis an babaí agus labhair leis/léi: mar shampla, *Céard a dhéanfaimid leis an rud seo? Tá sé seo tuairteálach, nach bhfuil? Féach, is féidir rudaí a bhualadh leis seo.*
- Cabhraigh leis an mbabaí rudaí a shortáil, mar shampla, cloch ar mhéid doirn a chur i ngach roinn de chartán uibheacha, agus súgradh a dhéanamh le blocaí agus fáinní inchruachta, agus le cupáin neadaithe.
- Tóg túr as cartáin fholmha bhia, as boscaí bróg nó as blocaí agus lig don babaí é a leagan. Bí sásta é a thógáil arís agus arís eile!
- Déan lámhacán leis an mbabaí tríd na boscaí cartchláir mar thollán, nó timpeall an tí faoi bhoird agus faoi chathaoireacha, agus taobh thiar den tolg. Abair, *Táim chun breith ort.*
- Le himeacht aimsire, cabhraigh leis an leanbh breagán tarraingthe a úsáid, ar nós tralaí siopadóireachta bréige nó bugaí bréige.

Nuair a bheidh an babaí níos sine, d’fhéadfadh an leid-leathanach do thuismitheoirí lapadán a bheith úsáideach ([www.ncca.ie/uirlisiusaide](http://www.ncca.ie/uirlisiusaide)). Cuimhnigh gur rud **taitneamhach é an spraoi**, chomh maith le bheith tábhachtach d’fhoghlaim agus d’fhorbairt an bhabaí.